RÚN (AE) 2022/1786 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0116/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 240 119 000 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhór-scála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) ("an Ghníomhaireacht") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus laghdú 16,74 % i gcomparáid le 2019, nuair a cuireadh méadú 40,23 % ar bhuiséad na Gníomhaireachta i gcomparáid le 2018; de bhrí gur as buiséad an Aontais amháin nach mór a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("an tuarascáil ón gCúirt"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo i ndáil le hioncam dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha; de bhrí gur shainaithin an Chúirt EUR 10 405 074,69 mar mhéid iomlán na n-íocaíochtaí, a mheas sí a bheith neamhchomhlíontach le foráil an chreat-chomhaontaithe iomchuí, arb ionann é agus 4,1 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhí ar fáil in 2020, agus go sáraítear leis, dá bhrí sin, an tairseach ábharthachta atá leagtha síos don iniúchadh agus go raibh tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí is bun leis na cuntais mar thoradh air; de bhrí, cé is moite de na híocaíochtaí neamhchomhlíontacha sin, go gcinneann an Chúirt go bhfuil na hidirbhearta is bun leo maidir le híocaíochtaí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. á chur in iúl gur oth léi go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 75,61 % mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2020 agus, cé gurb ionann é agus méadú 31,10 % i gcomparáid le 2019, go bhfuil sé fós i bhfad faoi bhun na sprice; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gurb ionann ráta forghníomhaithe na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus 96,24 %, arb ionann é agus méadú 3,96 % i gcomparáid le 2019;

2. ag cur sonrú i mbarúlacha na Cúirte maidir leis an líon mór leithreasuithe arna dtabhairt anonn le haghaidh Theideal II agus Theideal III de bhuiséad na Gníomhaireachta, ag tabhairt dá haire gur bhain an Ghníomhaireacht úsáid as leithreasuithe neamhdhifreáilte arna dtabhairt anonn go huathoibríoch le haghaidh Theideal II arb ionann iad agus EUR 10 200 000 (59,4 %) de mhéid iomlán na leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch a bhí cothrom le EUR 17 200 000; ag tabhairt dá haire gur bhain an Ghníomhaireacht úsáid freisin as leithreasuithe faoi chomhair gealltanas arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch le haghaidh Theideal III dar luach EUR 56 300 000 (23 % de na leithreasuithe sa bhuiséad deiridh), a bhaineann go príomha leis an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS), leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus leis an gcóras idir-inoibritheachta agus go bhfuil na leithreasuithe sin arna dtabhairt anonn go neamh-uathoibríoch i bhfad níos ísle ná an EUR 159 000 000 de na leithreasuithe sin a tugadh anonn go neamh-uathoibríoch in 2019 (55 % de na leithreasuithe sa bhuiséad deiridh) ach gurb ionann iad fós agus méid suntasach i gcomparáid leis an mbuiséad iomlán; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid, cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag cineál oibríochtaí na Gníomhaireachta ar an mbliain ina dhiaidh sin, gur léiriú é méid iomarcach na leithreasuithe arna dtabhairt anonn le haghaidh Theideal II agus Theideal III ar shaincheisteanna struchtúracha éagsúla a bhfuil tionchar acu ar chomhlíonadh Airteagail 9, 12 agus 28 de rialacha airgeadais na Gníomhaireachta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 199.

3. á chur in iúl gur oth léi go raibh cur i bhfeidhm an bhuiséid níos lú ná mar a bhí beartaithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht, i gcomhar leis an gCoimisiún, feabhas a chur ar ailíniú na pleanála buiséadaí le huainiú na ngníomhartha dlíthiúla gaolmhara; á aithint gur ndearna an Ghníomhaireacht bearta a chur i gcrích chun an scéal a fheabhsú;

Feidhmíocht

4. á chur in iúl gur geal léi go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as uirlisí áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach a thugtar lena cuid gníomhaíochtaí agus chun feabhas a chur ar bhainistiú buiséid na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá aire gur thug an Ghníomhaireacht a heochairtháscairí feidhmíochta corparáideacha cothrom le dáta in 2020 agus nach ndearnadh aon athrú ar dheich gcinn as 30 táscaire nó nach ndearnadh aon athrú orthu ach ar bhonn eagarthóireachta amháin, go ndearnadh táscaire amháin a scriosadh, go ndearnadh táscaire nua amháin a thabhairt isteach agus táscairí eile a tabhairt cothrom le dáta ar chúiseanna éagsúla, amhail athruithe ar thimpeallacht rialála na Gníomhaireachta, léargais a bailíodh ó iniúchtaí agus ó infhaighteacht méadrachtaí níos fearr;

5. ag tabhairt dá haire, de réir an ráitis ón nGníomhaireacht, gur bhain sí a cuspóirí amach le haghaidh 2020 amhail mar a leagadh amach iad ina rialachán bunaithe, Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), go ndearna sí dul chun cinn i dtreo na spriocanna agus na gcuspóirí a leagadh síos i straitéis fhadtéarmach na Gníomhaireachta agus gur sholáthair sí na torthaí a sainíodh ina clár oibre bliantúil le haghaidh 2020, ó thaobh torthaí agus feidhmíochta de araon; ag tabhairt dá haire go raibh feidhmíocht agus infhaighteacht na gcóras TF arna n-oibriú ag an nGníomhaireacht i gcomhréir leis na comhaontuithe ábhartha ar leibhéal seirbhíse; ag tabhairt dá haire gur leanadh de chórais nua TF a chur chun feidhme, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar idir-inoibritheacht idir na córais nua agus na córais atá cheana ann; ag tabhairt dá haire gur cuireadh moill 2 mhí ar chur chun feidhme an Chórais nua Dul Isteach/Imeachta agus gur chinn an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an teacht i bhfeidhm a chur siar ionas go mbeadh tuilleadh ama ag na Ballstáit ullmhúchán a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht i gcás na gcóras nua TF, nár imríodh tionchar diúltach ar na hamchláir don chur chun feidhme;

6. ag tabhairt dá haire gur shínigh an Ghníomhaireacht creat innealtóireachta idirdhisciplíneach (TEF) in 2020 ar mhaithe le himeacht ón gcur chuige neamh-chomhtháite i leith forbairt agus oibriú na gcóras; ag tabhairt dá haire go bhfuil an TEF dírithe ar chuideachta chaoch chonarthach a chur ar bun chun córais nua TF a dhearadh, a fhorbairt, a thástáil agus a chur chun feidhme;

7. á chur i bhfáth go ndéanann an Ghníomhaireacht rannchuidiú tábhachtach le hAontas níos sábháilte a bheith ann trí na leibhéil slándála faisnéise agus cosanta sonraí is airde a áirithiú don fhaisnéis a chuirtear ar a hiontaoibh, lena gcuirtear seirbhísí ardcháilíochta ar fáil agus lena gcabhraítear le hinniúlachtaí teicneolaíocha na mBallstát a ailíniú lena riachtanais; ag tarraingt aird ar an ngá atá leis na bearta uile is gá a dhéanamh chun aon riosca don fhaisnéis a phróiseáiltear a sheachaint; á thabhairt dá haire gur cuireadh feabhas ar acmhainneacht na Gníomhaireachta i dtaobh córais faisnéise atá cheana ann agus córais faisnéise nua a fheabhsú agus a fhorbairt araon lena sainordú nua a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1726, agus a tháinig i bhfeidhm an 11 Nollaig 2018; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí leanúnacha a rinne an Ghníomhaireacht chun dul in oiriúint don sainordú nua sin in 2020;

8. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún, i mí na Nollag 2020, leis an togra le haghaidh rialachán e-CODEX; á chur in iúl gur geal léi an comhaontú a rinneadh idir na comhreachtóirí ina leith sin i mí na Nollag 2021; á mheabhrú go mbeidh ról ríthábhachtach ag an nGníomhaireacht i gcur chun feidhme rathúil an chórais e-CODEX agus gur cheart don Choimisiún acmhainní iomchuí a bheartú atá tiomnaithe don mhéadú ar fhreagrachtaí na Gníomhaireachta;

Beartas foirne

9. ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2020, go raibh plean bunaíochta na Gníomhaireachta curtha chun feidhme 89,6 %, agus 181 ghníomhaire shealadacha ceaptha as 202 ghníomhaire shealadacha a bhí údaraithe faoin bplean bunaíochta (i gcomparáid le 172 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, anuas air sin, go raibh 83 ghníomhaire ar conradh agus deichniúr saineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2020, as 111 ghníomhaire ar conradh agus as 11 shaineolaí náisiúnta ar iasacht a bhí údaraithe faoin bplean bunaíochta;

([2]) Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99).

10. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, comhdhéanamh lucht ardbhainistíochta na Gníomhaireachta a mhéid a bhaineann le hinscne (beirt fhear (100 %) agus gan bean ar bith), comhdhéanamh an bhoird bainistíochta (44 fhear (81,5 %) agus deichniúr ban (18,5 %), agus comhdhéanamh na foirne foriomláine (184 fhear (69,7 %) agus 80 bean (30,3 %); á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéil na bainistíochta agus na foirne amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus é a chur san áireamh nuair a bheifear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta na Gníomhaireachta;

11. ag tabhairt dá haire gur bhain deacrachtaí le nósanna imeachta earcaíochta na Gníomhaireachta de dheasca phaindéim COVID-19 agus gur cuireadh moill mhór dá chionn sin ar fhoireann nua a earcú agus a thabhairt ar bord, agus gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht gur cuireadh isteach go díreach ar 50 % dá hearcaigh a bhain an chéim dheiridh amach nó gur cuireadh moill orthu ó thaobh dul i mbun dualgas mar gheall ar na srianta a bhaineann le COVID-19; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Ghníomhaireacht gur sheol sí 25 nós imeachta roghnúcháin agus go raibh 19 nós imeachta curtha i gcrích aici faoi dheireadh na bliana, agus gur eisíodh dá thoradh sin, 21 thairiscint poist agus gur glacadh leis na tairiscintí poist sin;

12. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht go bhfuair a comhairleoirí rúnda seacht bhfoirm chomhlánaithe chun faisnéis agus comhairle nó treoir agus tacaíocht a lorg go neamhfhoirmiúil i gcásanna a bhain le ciapadh síceolaíoch agus staideanna coinbhleachta; ag tabhairt dá haire nár tuairiscíodh aon chásanna ciaptha fhoirmiúil tar éis an fhaisnéis a fháil, agus nár tugadh aon chásanna ciaptha os comhair na Cúirte Ginearálta in 2020; ag tabhairt dá haire go gcuirtear oiliúint go rialta ar chomhairleoirí rúnda na Gníomhaireachta agus go bhfaigheann siad tacaíocht ó shaineolaithe seachtracha;

13. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht moladh na Cúirte maidir le measúnú cuí ar iarratais i nósanna imeachta earcaíochta a chur chun feidhme i gceart;

Soláthar

14. ag tabhairt dá haire go raibh síniú an TEF, ar an tairiscint is mó a shínigh an Ghníomhaireacht riamh; ag tabhairt dá haire go bhfuil an TEF á chur i láthair ag an nGníomhaireacht mar nuálaíocht shuntasach do shamhail fhoinsiú oibríochtúil na Gníomhaireachta agus go bhfuiltear ag dréim leis go nginfear gnóthachain thábhachtacha sa phróiseas bainistithe díoltóirí agus conarthaí, lena n-áirítear luach ar airgead níos fearr, barainneachtaí scála agus próisis soláthair níos mire, agus laghdú á dhéanamh freisin ar spleáchas na Gníomhaireachta ar líon réasúnta beag díoltóirí; á chur in iúl gur geal léi an cur chuige nuálach, ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint leis an gcur chuige sin agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas i dtaobh an bhfuil na gnóthachain ag teacht i gcrích agus conas atá na rioscaí, ar cuid dhílis den chur chuige nuálach iad, á mbainistiú ag an nGníomhaireacht;

15. ag tabhairt dá haire go ndearnadh ullmhú na sonraíochtaí don ghlao ar thairiscintí a bhaineann leis an TEF a thabhairt chun críche i mí Eanáir 2020 agus gur seoladh an nós imeachta tairisceana an 29 Eanáir 2020 le haghaidh ceithre bhaisc agus seirbhísí gaolmhara, eadhon Baisc 1: dearadh, comhordú, dearbhú cáilíochta agus tacaíocht chomhtháthaithe, Baisc 2: seirbhísí forbartha, Baisc 3: bonneagar (crua-earraí, bogearraí, seirbhísí gaolmhara), agus Baisc 4: tástáil agus cáiliú; ag tabhairt dá haire gur síníodh na conarthaí le haghaidh Bhaisceanna 1, 2 agus 3 in 2020, agus go ndearnadh Baisc 4 a shíniú i mí Iúil 2021; ag tabhairt dá haire gurb éacht suntasach don Ghníomhaireacht gurb ea na nósanna imeachta sin a bheith tugtha chun críche, go háirithe ag féachaint do na srianta a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19;

16. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt gur shínigh an Ghníomhaireacht conradh sonrach i leith bogearraí a bhí éagsúil leis na bogearraí a thairg an conraitheoir ina thairiscint le haghaidh an chreatchonartha ghaolmhair; ag tabhairt dá haire nár mhodhnaigh an Ghníomhaireacht an creatchonradh; ag tabhairt dá haire, de réir bharúil na Cúirte, gur diall ón gcreatchonradh é táirge difriúil a fháil nach n-áirítear sa phraghas tairisceana, ar phraghas atá difriúil leis an táirge a tairgeadh ar dtús; ag tabhairt dá haire gurb í conclúid na Cúirte go bhfuil an conradh sonrach neamhchomhlíontach leis an gcreatchonradh amhail atá an íocaíocht ghaolmhar EUR 10 399 834; ag tabhairt dá haire go nglacann an Ghníomhaireacht le barúlacha na Cúirte agus á chur i bhfios go láidir, tar éis don Chúirt a barúil a eisiúint, gur fhreagair an Ghníomhaireacht go mear, agus leasú ar an gcreatchonradh á síniú aici chun an t-easnamh tosaigh a chur ina cheart; ag tabhairt dá haire go maíonn an Ghníomhaireacht nach ndearnadh aon dochar do leasanna airgeadais na Gníomhaireachta ná an Aontais de thoradh na neamhchomhlíontachta toisc go measann sí go raibh bonn cirt leis an gcaiteachas; á chur in iúl gur oth léi nár chloígh an Ghníomhaireacht leis na nósanna imeachta iomchuí, go háirithe i bhfianaise an mhéid shubstaintiúil atá i gceist; ag tabhairt dá haire gur chuir stiúrthóir feidhmiúcháin na Gníomhaireachta breithnithe fairsinge i láthair in éisteacht le Coiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach an 29 Samhain 2021, inar maíodh gur cinneadh comhfhiosach a rinne lucht bainistíochta na Gníomhaireachta a bhí sa chinneadh na bogearraí i dtrácht a fháil agus é mar chuspóir leis laghdú a

dhéanamh ar dhúbláil na n-iarrachtaí oiliúna agus tacaíochta, agus laghdú a dhéanamh i ndeireadh na dála ar an costais oibríochtúla fhoriomlána i gcomhair na Gníomhaireachta; ag cur béim ar an bhfíoras, cé gur féidir glacadh leis go raibh deiseanna coigilte costais i gceist, nach foláir cloí i gcónaí leis na rialacha soláthair is infheidhme chun a áirithiú go bhfaighidh cáiníocóir an Aontais luach iomlán ar airgead trí nósanna imeachta trédhearcacha iomaíocha soláthair; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a áirithiú go n-urramófar na rialacha soláthair i gcónaí;

17. á chur i bhfios go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag easnamh i bpoist riaracháin thiomnaithe ar fheidhmiú na nósanna imeachta soláthair laistigh den Ghníomhaireacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht dul i mbun idirphlé gníomhach maidir le feabhas a chur ar phlean bunaíochta na Gníomhaireachta, go háirithe maidir leis an leibhéal ar a leithdháiltear poist;

18. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt gur shínigh an Ghníomhaireacht foirm ordaithe le haghaidh seirbhísí cothabhála lena gcumhdaítear an tréimhse ón 7 Samhain 2020 go dtí mí na Nollag 2024 (4 bliana), lenar sáraíodh forálacha an chreatchonartha ghaolmhair a cheadaigh seirbhísí a shonrascú roimh ré ar feadh aon bhliain amháin; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar an tátal go bhfuil an tsuim EUR 5 241 a íocadh leis an gconraitheoir as seirbhísí atá le soláthar tar éis an 7 Samhain 2021 neamhrialta; ag tabhairt dá haire, cé nach bhfuil ach suim réasúnta beag i gceist, ba cheart go gcuirfí i gcuntas na rioscaí don chlú as gan na rialacha soláthair a urramú;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, eitic agus trédhearcacht

19. ag aithint bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil rialacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú le haghaidh comhaltaí foirne; ag tabhairt dá haire gur ghlac bord bainistíochta na Gníomhaireachta, an 23 Nollaig 2020, rialacha cur chun feidhme maidir le coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú le haghaidh comhaltaí foirne chun a áirithiú go ndéantar cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn a láimhseáil ar bhealach trédhearcach agus comhsheasmhach; ag tabhairt dá haire go bhfuil na rialacha cur chun feidhme sin infheidhme maidir le foireann na Gníomhaireachta, lena n-áirítear an stiúrthóir feidhmiúcháin agus an leas-stiúrthóir feidhmiúcháin, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, agus intéirnigh íoctha agus neamhíoctha;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht na dearbhuithe maidir le leasanna ar a láithreán gréasáin le haghaidh comhaltaí a boird bainistíochta agus a ardbhainistíochta; á chur in iúl gur oth léi, áfach, nach gcuirtear CVanna chomhaltaí a boird bainistíochta ar fáil ar a láithreán gréasáin; ag meabhrú an iarrata ón údarás um urscaoileadh in urscaoileadh 2019, na CVanna sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta chun trédhearcacht a mhéadú;

21. á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha trédhearcachta an Aontais mar aon le cearta bunúsacha agus caighdeáin cosanta sonraí;

Rialúchán inmheánach

22. á chur in iúl gur geal léi measúnú bliantúil na Gníomhaireachta ar a córas rialúcháin inmheánaigh lenar thángthas ar an tátal go bhfuil a córas rialúcháin inmheánaigh ann, go bhfuil sé ag feidhmiú agus go bhfuil sé éifeachtach, cé go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe; á iarraidh ar an nGníomhaireacht barúlacha na Cúirte maidir le neamhurramú nósanna imeachta soláthair a ionchorprú ina measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na laigí a sainaithníodh ar phrionsabail agus comhpháirteanna an rialúcháin inmheánaigh;

23. ag tabhairt dá haire gurbh é 65 % ráta cur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta ag deireadh na bliana 2020 (24 mholadh a bhí curtha chun feidhme agus 37 moladh a bhí dlite); ag tabhairt dá haire go raibh 31 mholadh ar an iomlán oscailte ag deireadh 2020 agus nach raibh ceann ar bith díobh "criticiúil"; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go raibh an dáta dlite caite i gcás 13 mholadh, lena gciallaítear go raibh cur chun feidhme an mholta ar siúl cé go raibh an spriocdháta don chur chun feidhme imithe in éag;

24. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a rinneadh maidir le barúlacha na Cúirte agus tuarascálacha urscaoilte Pharlaimint na hEorpa ó bhlianta roimhe sin agus go ndearna an Ghníomhaireacht moladh na Cúirte maidir le measúnú cuí a dhéanamh ar iarratais a bhaineann le nósanna imeachta earcaíochta, a chur chun feidhme i gceart; á mheabhrú go bhfuil obair fós ar siúl maidir le ceithre bharúil atá fós ann; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cur lena hiarrachtaí bearta ceartaitheacha a chur chun feidhme maidir le barúlacha na Cúirte atá fós gan réiteach;

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

25. ag tabhairt dá haire go raibh suaitheadh ann de bharr phaindéim COVID-19 a bhí ina dhúshlán do leanúnachas gnó na Gníomhaireachta agus d'infhaighteacht na gcóras mórscála TF atá ann cheana agus do chur chun feidhme na gcóras nua a cuireadh ar a hiontaoibh; á chur in iúl gur geal léi, in ainneoin na ndúshlán sin, go ndearna an Ghníomhaireacht infhaighteacht neamhbhriste na gcóras mórscála TF (Córas Faisnéise Schengen (CFS), an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus an Bunachar Sonraí Dachtalascópachta Eorpach (Eurodac)) a áirithiú agus go ndearna sí tuilleadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme EES, ETIAS agus an phacáiste idir-inoibritheachta; ag tabhairt dá haire gur mór aici gur éirigh leis an nGníomhaireacht tionchar diúltach na paindéime a laghdú trí bhearta maolaitheacha a chur i gcrích;

26. ag tabhairt dá haire gur laghdaigh an Ghníomhaireacht láithreacht fhisiciúil na foirne ag suíomhanna na Gníomhaireachta agus go ndearna sí bearta chun ionaid oibre shláintiúla a choimeád do chomhaltaí foirne ríthábhachtacha, agus gur áirithíodh, dá bhrí sin, leanúnachas gnó do chórais na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire go raibh ar an nGníomhaireacht bearta maolaitheacha a dhéanamh freisin chun laghdú a dhéanamh ar thionchar phaindéim COVID-19 ar fhorbairt agus ar úsáid córas de bharr briseadh sa slabhraí soláthair sa dara leath de 2020 agus de bharr srianta taistil agus rochtana lenar cuireadh cosc ar infhaighteacht foirne agus conraitheoirí ó thaobh oibriú ar an láthair de; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht, d'ainneoin na ndeacrachtaí sin, dul chun cinn suntasach maidir le príomhthionscadail amhail cur chun feidhme an dara glúin de CFS (CFS II) agus céim 2 den Chóras Faisnéise Uathoibrithe Méarlorg agus úsáideoirí nua a chomhtháthú le CFS agus le VIS;

Barúlacha eile

27. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht pleananna comhair dhéthaobhaigh a dhréachtú, a chaibidliú agus a shíniú leis an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann anois), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA); ag tabhairt dá haire go leanann an Ghníomhaireacht dá comhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) i dtaca le gníomhaíochtaí oiliúna, leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta maidir le CFS, EES, ETIAS agus idir-inoibritheacht, CEPOL maidir le CFS, an Iarraidh ar Fhaisnéis fhorlíontach ag na Bealaí Isteach Náisiúnta (SIRENE), CFS, EES, ETIAS agus idir-inoibritheacht, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) maidir le Eurodac agus CFS;

28. á chur in iúl gur geal léi láithreacht ghníomhach na Gníomhaireachta ar líne in 2020, *inter alia* tríd an bhfeachtas "Discover eu-LISA", rannpháirtíocht na Gníomhaireachta i 16 cinn de chomhghníomhaíochtaí agus de chomhfheachtais le gníomhaireachtaí an Aontais um cheartas agus gnóthaí baile, agus an cluiche idirghníomhach quiz.eulisa.europa.eu; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun leanúint dá cuid oibre, taighde agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn chun a hinfheictheacht phoiblí a mhéadú;

29. á chur in iúl gur geal léi go ndearna an Ghníomhaireacht dul chun cinn suntasach ar an tionscadal agus méadú eile á dhéanamh aici ar a suíomh teicniúil in Strasbourg leis an aistriú foirmiúil talún ó údaráis na Fraince chuig an nGníomhaireacht, ar an láithreán 20 000 m^2 in aice leis gcoimpléasc foirgneamh atá aici faoi láthair agus a bheidh mar shuíomh don síneadh nua;

30. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([3]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.